16ú Feabhra 2010 **Uimh. Thag. NCSE 02/10**

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha, agus chuig Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Choistí Gairmoideachais

Achomire ar Threoirlínte do 2010/2011

- **Seolann an scoil foirm na bhfágóirí chuig an SENO roimh 22 Márta 2010**
- **Eisíonn SENO litir a dheimhníonn íosleibhéal na n-acmhainní teagaisc a thabharfar chun cinn do Mheán Fómhair 2010.**
- **Seolann an scoil na hiarratais chuig an SENO roimh 21 Aibreán 2010. *Is féidir gach foirm iarratais agus gach foirm phróifíle na scoile SNA a íoslódáil ó láithreán gréasáin an NCSE.***
- **Próiseálann SENO na hiarratais agus deimhníonn sí an leithroinnt acmhainní iomlán don scoil.**

Tá na treoirlínte agus na foirmeacha seo ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge ar láithreán gréasáin an NSCE ag www.ncse.ie.

Leag an NSCE 02/05 agus Ciorclán PPT 01/05 na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (DES) amach an seasamh maidir le hiarratais a dhéanamh ar acmhainní (uaireanta breise teagaisc, tacaíocht SNA, teicneolaíocht chúnta agus iompar) chuig an gComhairle maidir le daltaí le riachtanais oideachais speisialta. Ba chóir do scoileanna féachaint ar na treoirlínte seo agus iarratais á gcur ar aghaidh acu.

Is é ról an NCSE ná acmhainní a leithroinnt ar scoileanna don bhliain acadúil seo chugainn ag cur san áireamh na daltaí nua a chláraíonn agus a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus daltaí a bhíonn ag fágáil agus acmhainní á bhfáil acu. Ní mór a thabhairt ar aird maidir le daltaí a bhfuil tacaíocht SNA á fáil acu go bhféadfadh laghdú a theacht ar an tacaíocht seo in imeacht ama de réir mar a thagann feabhas ar a gcuid scileanna maidir le maireachtáil neamhspleách.

Beidh an nós imeachta d'iarratais do 2010 mórán mar a bhí i bhfeidhm in 2009 (ref NCSE 01/09). Tá dhá athrú ar an nós imeachta do 2010. Is é an chéad athrú ná go n-iarrtar ar scoileanna a gcuid fágóirí ar aguisín 5 a chur ar aghaidh chuig an SENO sula ndéantar iarratas ar acmhainní. Baineann an dara athrú le toiliú an tuismitheora ar an bhfoirm iarratais a bhaineann le freagrachtaí pleanála agus taighde na Comhairle. Féach thall le do thoil chun tuilleadh mionsonraí a fháil maidir leis sin.

Is féidir teacht ar chóipeanna de NCSE 02/05, Ciorclán DES PPT 01/05 agus NCSE 01/09 agus Aguisíní 1 go 8 ar láithreán gréasáin an NSCE ag www.ncse.ie.

Achoimre ar an bpróiseas Iarratas

Fágóirí

Tar éis comhráití leis na Comhlachtaí Bainistíochta, comhaontaíodh go gcuirfidh an SENO áitiúil na scoileanna ar an eolas, roimh an phróiseas iarratas, maidir lena n-acmhainní teagaisc a thabharfar ar aghaidh ón bhliain acadúil 09/10 go dtí an bhliain acadúil 10/11 ag tabhairt san áireamh na hacmhainní teagaisc a chaillfidh an scoil de bharr daltaí a bheidh ag fágáil i Meitheamh 2010.

Ba chóir do gach scoil, lena n-áirítear scoileanna nach bhfuil iarratas nua ar acmhainní do Mhéan Fómhair 2010 á gcur ar aghaidh acu, na daltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu (aguisín 5 iniata) nach mbeidh ag filleadh i Meán Fómhair 2010 a liostú agus an fhoirm seo a chur ar aghaidh chuig an SENO roimh 22 Márta 2010. Eiseofar litir dheimhnithe chuig an scoil ag léiriú na hacmhainní teagaisc íosta a tabharfar ar aghaidh chuig an bhliain acadúil nua. Cabhróidh sé seo leis an bpróiseas bainistithe acmhainní sna scoileanna.

Iarratais ar Acmhainní

Is féidir iarratais a chur ar aghaidh láithreach trí úsáid a bhaint as na foirmeacha atá ar fáil ó láithreán gréasáin an NCSE. Ní mór do na foirmeacha a bheith comhlánaithe go hiomlán roimh toiliú an tuismitheora a fháil agus sula gcuirfear ar aghaidh chuig an SENO iad. Seolfar foirmeacha iarratas nach bhfuil comhlánaithe go hiomlán ar ais, rud a chuirfidh moill ar an bpróiseas.

Ba chóir go mbeadh na hiarratais curtha ar aghaidh roimh 21 Aibreán 2010 lena chinntiú gur féidir cinneadh a eisiúint maidir le leithroinnt iomlán na scoile i gcomhair 10/11 roimh dheireadh na bliana 09/10.

Ní féidir iarratas nach bhfuil uimhir PPS air a phróiseáil. Is féidir le tuismitheoirí an uimhir a fháil más gá ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Rannóg Aitheantais na gCliant, Cora Droma Rúis, Co. Liatroma, Uimhir Theileafóin 01-7043281 nó is féidir leo dul i dteagmháil lena n-Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh chun cabhair a fháil.

Ba chóir na hiarratais do cheantair ina bhfuil an SENO ar shaoire bhreisithe a sheoladh ar aghaidh chuig an gnáthsheoladh agus próiseálfar go háitiúil iad. Déanfaimid ár ndícheall iarratais a phróiseáil ar shlí thráthúil, ach ba chóir do na scoileanna a bheith ar an eolas, áfach, go bhféadfadh moilleanna dhosheachanta a bheith i gceist nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil ar bhonn clúdaithe.

Tá sé an-tábhachtach go n-úsáidtear na tuarascálacha gairmiúla is déanaí agus iarratais á ndéanamh. Ach i gcás na míchumas seo a leanas, ní mór eolas breise a chur le tuarascálacha roimh Eanáir 2005;

- Míchumas Foghlama Éadrom Teorannach
- Sain-Mhíchumas Foghlama

Tá an t-eolas tacaíochta atá ag teastáil leagtha amach in *Aguisín 8* agus atá ar fáil ar láithreán gréasáin an NSCE.

Nóta: *Is féidir foirmeacha iarratas agus foirm phróifíle na scoile SNA a íoslódáil ó láithreán gréasáin an NCSE www.ncse.ie.*

Sé Goulding
Ceannasaí Oibríochtaí

IAR-BHUNSCOIL

AGUISÍN 5

Ainm na Scoile: _____ **Uimhir Rolla:** _____ **Seoladh Ríomhphoist na Scoile:** _____

Daltaí a fhaigheann acmhainní atá rollaithe faoi láthair ach nach mbeidh sa scoil i Meán Fómhair 20_

Ainm & Seoladh an Dalta		Inscne	Dáta Breithe	Uimhir PPS	Rang faoi láthair	Cód Míchumais (Féach Aguisín 7)	Tacaíocht a Fuarthas			
1ú Ainm	Sloinne						Ag fáil SNA »Aonar/ Roinnte«	Líon na n-Uaireanta Tacaíochta Múinteoireachta	Cúnamh Teicniúil	Iompar
Seoladh										
1ú Ainm	Sloinne									
Seoladh										
1ú Ainm	Sloinne									
Seoladh										

Síniú Phríomhoide na Scoile _____ Dáta